Ceisteanna Samplacha - Comhordaitheoir TBSP

Téamaí	
Ceist Riachtanach	Cuir fáilte roimh an duine agus mínigh leagan amach an agallaimh • An mbeifeá sásta tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil sa Ghaeilge má iarrtar ort?
Critéar 1: Taithí agus Saineolas	• Cad é do thuiscint ar mhíbhuntáiste oideachasúil? • Mínigh do thuiscint ar an gclár DEIS le do thoil. • Cad é do thuiscint ar an Scéim TBSP? • Cén tuiscint atá agat ar Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS)? • Cé na dúshláin, i do thaithí, atá roimh theaghlaigh a fhreastalaíonn ar scoil DEIS? • Cé na fachtóirí riosca do leanaí a bhfuil drochfhreastal agus easpa rannpháirtíochta i gceist leo? • Cén tuiscint atá agat ar an tionchar a imríonn easpa dídine ar ghnóthachtáil oideachais? • Cad iad na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh siúd a bhfuil fadhbanna tinrimh acu? • Cad iad na príomhdhúshláin atá roimh theaghlaigh an Lucht Siúil tacú le hoideachas a bpáistí? • Déan cur síos ar do thaithí mar dhuine sainordaithe faoi Tús Áite do Leanaí.
Critéar 2: Obair foirne, Comhoibriú, Ceannaireacht, Scileanna idirphearsanta	• Déan cur síos le do thoil ar do thaithí maidir le caidreamh a chothú le tuismitheoirí. • Déan cur síos le do thoil ar do thaithí ag cothú, ag bunú agus ag déanamh monatóireachta ar chomhpháirtíochtaí scoile, pobail, reachtúla agus deonacha. • Déan cur síos le do thoil ar do thaithí ar chur chun cinn (m.sh. cuimsiú, folláine, tinreamh, coinneáil, aistriú srl.) laistigh de do phobal scoile. • Gan sárú rúndachta, inis dom faoi chás deacair nó íogair ina raibh ort déileáil le tuismitheoir agus/nó comhghleacaí agus conas a réitigh tú é. • Roinn sampla linn d'uair éigin nuair a d'oibrigh tú i gcomhpháirt le comhghleacaithe sa scoil agus/nó sa phobal. • Déan cur síos le do thoil ar do thaithí ag tuairisciú do do Phríomhoide/coistí i do ról reatha nó roimhe seo.

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Ceisteanna Samplacha - Comhordaitheoir TBSP

Critéar 3: Cinntí & Breithiúnas	• Cad iad, dar leat, na réimsí tosaíochta don phost TBSP don chéad bhliain acadúil eile? • Déan cur síos le do thoil ar do thaithí maidir le tosaíocht a thabhairt do theaghlaigh le haghaidh tacaíochta breise. Cad iad na straitéisí/cur chuige a d'úsáid tú agus conas a rinne tú do chinntí? • Cén tionchar a bhí ag do thaithí ar theagmháil le teaghlaigh ar an gcaoi a n-oibríonn tú agus ar na cinntí a dhéanann tú? • Déan cur síos le do thoil ar do thaithí ar dhéileáil le hábhair imní faoi leas agus cosaint leanaí. • Déan cur síos le do thoil ar do thaithí ar dhéileáil le teaghlach a bhféadfadh fadhbanna andúile a bheith ann. • Déan cur síos le do thoil ar do thaithí ar dhéileáil le teaghlach ina bhféadfadh saincheisteanna meabhairshláinte a bheith ann (do thuismitheoir agus/nó leanbh).
Critéar 4: Ardchaighdeán Seirbhíse	• Conas a thacóidh do thaithí go dtí seo leat agus tú i mbun cuairteanna baile? • Cé na seirbhísí atá ar fáil do scoileanna DEIS chun tacú leo ina gcuid oibre le leanaí agus le teaghlaigh? • Roinn sampla d'uair éigin ar spreag tú tuismitheoirí le bheith páirteach in oideachas a leanaí • Tabhair sampla d'uair éigin ar thacaigh tú le teaghlaigh aistriú isteach i do rang/scoil. • Roinn sampla de mhonatóireacht agus measúnú a rinne tú ar thionscnamh a raibh tú páirteach ann. • Inis dúinn mar a d'fhás tú in inniúlacht chultúrtha. Cad a ullmhaíonn tú le bheith ag obair mar Chomhordaitheoir TBSP? • Tabhair sampla dúinn inar bhain tú leas as do féinspreagthacht chun tionchar dearfach a imirt ar ghné de do rang agus/nó de phobal na scoile. • 'Tá sé tábhachtach aire a thabhairt duit féin sula dtabharfaimid aire do dhaoine eile'. An raibh an ráiteas seo ábhartha duit i do chuid oibre go dtí seo?
Deireadh	• Cén fáth gur tusa an duine is fearr don ról áirithe seo? • An bhfuil aon eolas breise gur mhaith leat a roinnt linn? • n bhfuil aon cheist agat dúinn? Gabh buíochas leis an duine as freastal ar an agallamh

AN FORAS PÁTRÚNACHTA